



An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) Gnóthachtálacha, dúshláin agus móρθhorthaí 2014

Pointí tábhachtacha ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

**San achoimre seo gheofar rogha
príomhghníomhaíochtaí ó 2014 ach ní léiríonn
sé ar chor ar bith raon iomlán obair agus
ghnóthachtálacha de chuid ECDC i 2014.**

**Gheofar amharc mionsonraithe ar raon
gníomhaíochtaí de chuid ECDC, ar a struchtúir
eagraíochtúla agus riaracháin, agus ar a
phlean oibre sa leagan neamhchoimrithe
den Tuarascáil Bhliantúil.**

Gnóthachtálacha, dúshláin agus mórtorthaí 2014 — Buaicphointí ó Thuarascáil
Bhliantúil an Stiúrthóra. ECDC, Stóicólm, 2015.

Stóicólm, Lúnasa 2015

ISBN 978-92-9193-777-6

doi 10.2900/9211

Uimhir catalóige TQ-01-15-379-GA-N

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú 2015

Gach pictiúr © ECDC, ach amháin Cesar Harada (CC BY-NC-SA 2.0), lch. 15.

Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinsé.

Grianghraif faoi chóipcheart a úsáideadh san fhoilseachán seo, ní féidir iad a
úsáid le haghaidh cuspóirí taobh amuigh den fhoilseachán seo ach amháin le cead
sainráite shealbhóir an chóipchirt.

Gnóthachtálacha, dúshláin agus móorthorthaí 2014

Pointí tábhachtacha ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

Clár Ábhair

Réamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta	2
Réamhrá ón Stiúrthóir	2
An ECDC agus a ról sa tsláinte phoiblí	3
Sláinte phoiblí — is í ár ngnó í	3
2014 – Athbhreithniú ar an mbliain	5
Tacaíocht don ullmhacht	6
Ebola agus a impleachtaí sláinte maidir leis an Aontas Eorpach	9
EPIET agus EUPHEM: Treisiú a raibh géarghá leis a thabhairt don eipidéimeolaíocht allamuigh Eorpach	10
Tírdhreach na micribhitheolaíochta sláinte poiblí atá ag athrú	11
Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach, bliain a hocht	15
An Bhruitíneach: An brú chun deireadh a chur leis	17
Gnóthaí cumarsáide	18
ECDC in aon amharc amháin	20



Réamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Beidh cuimhne ar an mbliain a ghabh tharainn mar bhliain dhúshlánach i gcás ECDC. Rinneadh údar imní domhanda gan mhoill den eipidéim Ebola a tháinig chun cinn san Afraic Thiar sa bhliain 2014 agus mórdhúshlán ab ea é don ECDC. Mar Chathaoirleach ECDC is údar mórtais dom gur chomhlíon ár Lárionad ról tábhachtach ó thaobh tacú le freagairt AE agus leis an bhfreagairt idirnáisiúnta ar Ebola.

I bhfianaise na ndúshlán a bhí le sárú ag ECDC, is cúis iontais é gur éirigh leis an Lárionad, dá ainneoin sin, 85 % de na torthaí a bhí beartaíte aige a chur ar fáil. Fiú faoi bhrú gan choinne, bhí obair ECDC ar ardchaighdeán i gcónaí, mar a bhí riamh.

Ba é an deimhniú ba thábhachtaí agus b'údarásaí a fuair an Bord Bainistíochta maidir le luach breise ECDC agus a úsáidí a bhí sé an tuarascáil deiridh ón dara meastóireacht sheachtrach neamhspleách a rinneadh ar ECDC. De réir na tuarascála meastóireachta seo, tá acmhainn mhaith ag ECDC chun frithghníomhú go tapa i leith bagairtí sláinte agus chun feidhmiú i ngéarchéimeanna. Deimhnítear sa tuarascáil, leis, go bhfuil torthaí an Lárionaid i ngach réimse ar ardchaighdeán gairmiúil, go bhfuil inchreidteacht eolaíoch ag an Lárionad agus gur foinse breisluacha ar leibhéal AE é ECDC de ghnáth. Daingníonn na conclúidí seo mo chreideamh féin go bhfuil ECDC tar éis é féin a bhunú mar mhol ar líonra láidir a nascann príomhshaineolaithe galar tógálach agus saotharlanna sláinte poiblí ar fud na hEorpa. Tá an Lárionad tar éis a luach a chruthú arís agus arís eile, agus ba é an uair ba dhéanaí agus ab fheiceálaí nuair a ghníomhaigh sé mar mhór-acmhainn i bhfreagairt na hEorpa ar Ebola.

An Dr. Françoise Weber
Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta
22 Feabhra 2015



Réamhrá ón Stiúrthóir

Is tosaíocht é i gClár Straitéiseach Ilbhliantúil 2014-2020 (SMAP) ECDC tacú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit maidir le Cinneadh 1082/2013¹ a chur i ngníomh. Mar sin táimid tar éis Córas Réamhrabhaidh agus Luathfhreagartha AE ar bhagairtí sláinte poiblí a chur in oiriúint chun raon na gcineálacha bagairtí sláinte is féidir a thuairisciú ar an gCóras a leathnú. Mar an gcéanna, gealladh sa Chlár Straitéiseach Ilbhliantúil go ndéanfaí feidhm Tacaíocht don Ullmhacht a athneartú i 2014, mar thacú breise d'iarachtaí ár gcomhpháirtithe chun Cinneadh 1082/2013 a chur i ngníomh.

Trí SMAP agus plean Éigeandála Sláinte Poiblí ECDC cinntíodh go bhféadfaimis tacú le freagairt ar Ebola ar leibhéal AE. Shlógamar na speisialtóirí ábhartha agus chuir ár saineolaithe inmheánacha rialaithe ionfhabhtuithe an saineolas riachtanach ar fáil maidir le bearta sláinteachais in aghaidh Ebola. Rinne ár bhfoireann ullmhachta suirbhéanna ar a ullaimh a bhí na Ballstáit chun cásanna Ebola a bhainistiú, agus d'fhorbair ár bhfoireann oiliúna sláinte poiblí seisiúin teagaisc ar an tslí le trealamh cosanta pearsanta a úsáid go sábháilte. Iarracht foirne, i ndáiríre, a bhí san fhreagairt ar Ebola agus léirigh sé sárthréithe ECDC: is foireann amháin é atá solúbtha, dírithe ar sheirbhís agus tiomanta do bharr feabhais eolaíoch.

Cé go bhfuil deireadh le hÉigeandáil Sláinte Poiblí ECDC maidir le Ebola, níl an eipidéim san Afraic Thiar faoi smacht iomlán go fóill. Tá cúig cinn d'fhoirne ag ECDC sa Ghuine agus geallaimid fanacht ansin go dtí lár 2015 ar a laghad.

An Dr. Marc Sprenger
Stiúrthóir ECDC
2 Márta 2015

¹ Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann maidir leis an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE



Ceanncheathrú Tomteboda ECDC

ECDC agus a ról sa tsláinte phoiblí

Bunaíodh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú i 2006 agus tá sé lonnaithe i Stócólm na Sualainne. Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh í agus is uirthi atá an cúram as cosaintí na hEorpa in aghaidh galar tógálach a neartú. Déanann ECDC bagairtí faoi shláinte an duine atá ann anois agus bagairtí atá ag teacht chun cinn ó ghalair thógálacha a shainaithint, a mheasúnú agus a chur in iúl agus tacaíonn sé le Ballstáit an Aontais Eorpaigh ina n-iarachtaí maidir le hullmhacht agus freagairt. Cuireann an Lárionad comhairle eolaíoch ar fáil do Bhallstáit AE/LEE agus is foinse iontaofa faisnéise agus acmhainní é i ngach réimse a bhaineann le sláinte phoiblí.

Bhí EUR 60.4 mhilliún de chroíbhuiséad ag ECDC i 2014.

Amhail an 31 Nollaig 2014, bhí 277 mball foirne buan ag ECDC agus iad ag gabháil do fhaireachas galair, brath ráigeanna, comhairle eolaíoch, teicneolaíocht na faisnéise, cumarsáid, agus riarachán.

Sláinte phoiblí — is í ár ngnó í

Is neart amháin de chuid ECDC an acmhainn atá aige freagairt thapa a thabhairt ar athruithe ar eipidéimeolaíocht na ngalar tógálach. Oibríonn agus cothabhálann ECDC trí cinn de chórais, a bhfuil gach ceann díobh riachtanach maidir le réimse amháin ar leith de rialú galar. EWRS (foláirimh maidir le bagairt a bhrath), EPIS (faisnéis eipidéime), agus TESSy (faireachas galair).

Córas faoi rún is ea an Córas Réamhrabhaidh agus Luathfhreagartha (EWRS) trínar féidir leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach faisnéis a chomhroinnt agus foláirimh a sheoladh maidir le himeachtaí sláinte a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an AE agus comhordú a dhéanamh ar na bearta freagartha is gá chun sláinte an phobail a chosaint. Baineadh úsáid rathúil as an gcóras i gcás ráigeanna de fhliú paindéime SARS A (H1N1) agus, le deireanas, i gcás Ebola.



Cruinniú idir Vytenis Andriukaitis (An Coimisinéir um Shláinte agus Sábháilteacht Bia) agus Marc Sprenger (Stiúrthóir an ECDC) agus Denis Coulombier (Ceann an Aonaid um Fhaireachas agus Tacaíocht Freagartha, an ECDC) i Lárionad Oibríochtaí Éigeandála an ECDC

Is ardán slán cumarsáide bunaithe ar an ngréasán é an Córas Faisnéise Eipidéime (EPIS) trínar féidir faisnéis faoi eipidéimí a d'fhéadfadh a bheith ina gcomharthaí de ráigeanna de ghalair thógálacha a mhalartú go hidirnáisiúnta

Is córas bunachair shonraí an-solúbtha é an Córas Eorpach Faireachais (TESSy) chun sonraí maidir le galair a chruinniú. Tuairiscíonn aon tír is tríocha den AE/LEE sonraí maidir le galar thógálacha leis an gcóras.

Ina theannta sin, tacaíonn ECDC le hobair an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát ar Choiste Slándála Sláinte an AE chun sreabhadh leanúnach faisnéise maidir leis na forbairtí is déanaí a chinntiú agus chun sioncronú a dhéanamh ar bhearta sláinte poiblí.

2014 Athbhreithniú ar an mbliain

San achoimre seo gheofar rogha príomhghníomhaíochtaí ó 2014 ach ní léiríonn sé ar chor ar bith raon iomlán obair agus ghnóthachtálacha ECDC sa bhliain 2014. Gheofar amharc mionsonraithe ar raon gníomhaíochtaí ECDC, ar a struchtúir eagraíochtúla agus riaracháin, agus ar a phlean oibre sa leagan neamhachóimrithe den Tuarascáil Bhliantúil¹.

¹ Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra — 2014, ECDC, Stócólm, 2015.



Lárionad Oibríochtaí Éigeandála ag ECDC: Le plean Éigeandála Sláinte Poiblí an Lárionaid is féidir leis an Lárionad acmhainní a shlógadh go gasta chun tacú le freagairt ar leibhéal AE ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann sláinte.

Tacaíocht don ullmhacht

Cuid riachtanach de fhreagairt éifeachtach a thabhairt ar ráigeanna agus ar epidéimí is ea pleanáil don ullmhacht, cé nach ionann an cur chuige i ngach aon tír.

Mar sin geallann an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit, trí Choiste Slándála Sláinte AE, a leibhéal ullmhachta a mhéadú tuilleadh. Is clár oibre uaillmhianach é do na comhpháirtithe uile méadú a dhéanamh ar ullmhacht agus pleananna ullmhachta a dhéanamh comh-inoibritheach idir tíortha agus idir earnálacha — faoi mar a cheanglaíonn Airteagal 4 de Chinneadh Uimh. 1082/2013/AE ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann sláinte. Cuirfidh an ECDC cabhair agus tacaíocht theicniúil ar fáil le linn an phróisis seo.

Ó bunaíodh ECDC 10 mbliana ó shin, tugadh tús áite do phleanáil don ullmhacht. Dhá cheann de na príomhcholuín ullmhachta is ea an Lárionad Oibríochtaí Éigeandála (EOC) agus Córas Réamhrabhaidh agus Luathfhreagartha AE ar Bhagairtí Sláinte Phoiblí (EWRS)

Ba é 2014 an chéad bhliain inar cuireadh Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann sláinte i ngníomh. Chuir ECDC tacaíocht theicniúil ar fáil don Choimisiún maidir le roinnt tascanna a bhí nasctha le cur i ngníomh Airteagal 4 den Chinneadh, go háirithe maidir le ceistneoir a ullmhú do na Ballstáit ar na socruithe ullmhachta agus roinnt obair thosaigh ar mhodheolaíochtaí, ar tháscairí agus ar uirlisí chun ullmhacht a mheasúnú.



Ó Guide on the safe use of personal protective equipment in the treatment of highly infectious diseases: safe removal of a respirator (*Treoir ECDC maidir le conas trealamh cosanta pearsanta a úsáid go sábháilte agus galair ríthógálacha a gcóireáil: conas andlathoir a bhaint go sábháilte*)

I Lúnasa aistríodh an bhéim go dtí Ebola agus cibé an raibh Ballstáit AE ullamh chun cásanna féideartha Ebola a bhainistiú. Iarradh ar ECDC tacú leis an gCoimisiún chun ceistneoir ar an topaic seo a cheapadh. Ba é an chéad fhócas san obair seo an riosca foriomlán don AE a mheasúnú i sraith mearmheasúnachtaí cuimsitheacha, agus ag an am céanna díriú ar fhadhbanna ar leith ar nós nósanna imeachta aslonnaithe míochaine i gcás shaoránaigh AE a nochtar do Ebola. Níos déanaí, aistríodh an fócas go dtí a infhaighte a bhí leapacha leithlise do chásanna Ebola agus seisiúin mhionteagaisc maidir le trealamh cosanta pearsanta a úsáid go sábháilte i gcás oibríthe sláinte a bhí ag déileáil le cásanna Ebola.

I Márta sheol ECDC cleachtadh géarchéime ionsamhlúcháin — bunaithe ar phlean Éigeandála Sláinte Poiblí athcheartaithe agus nuashonraithe — chun a chumas déileáil le géarchéim a thagann chun cinn le linn deireadh seachtaine a thástáil. I Meán Fómhair, ghlac saineolaithe ón Lárionad páirt i gcleachtadh faoi cheannas an Choimisiúin chun comhoibriú ar

leibhéal AE in aghaidh bagairt cheimiceach a thástáil. I nDeireadh Fómhair, tionóladh an chéad chruinniú de líonra Pointí Náisiúnta Fócais ECDC um Ullmhacht chun tuiscint a fháil ar na bearnaí agus ar na riachtanais ar leibhéal náisiúnta agus AE araon, agus toghadh grúpa comhordaithe chun cuidiú leis an Lárionad san obair seo. Lena chois sin, choimisiúnaigh ECDC roinnt cás-staidéar agus athbhreithniú ar litríocht maidir le hullmhacht do bhagairtí sláinte¹ agus foilsíodh lámhleabhar ar an tslí le cleachtaí géarchéime ionsamhlúcháin a eagrú i suíomhanna sláinte poiblí AE².

¹ *Preparedness planning for respiratory viruses in EU Member States – Three case studies on MERS preparedness in the EU* (Pleanáil maidir le hullmhacht do víris riospráide i mBallstáit an AE – Trí cinn de chás-staidéir ar ullmhacht do MERS in AE) ECDC, Stócólm, 2015.

² *Handbook on simulation exercises in EU public health settings – How to develop simulation exercises within the framework of public health response to communicable diseases*. (Lámhleabhar ar chleachtaí ionsamhlúcháin i suíomhanna sláinte poiblí an AE – Conas cleachtaí ionsamhlúcháin a fhorbairt laistigh de chreat um fhreagairt sláinte poiblí ar ghalar teagmhálach). ECDC, Stócólm, 2014.

Ebola: reducing the risk of transmission

As long as the epidemic of Ebola virus disease is continuing and expanding in West Africa, the risk of importation of contagious cases to European and other countries increases. The risk of further transmission in Europe is extremely low, but cannot be excluded. To minimise this risk, public health efforts in the EU focus on early case detection and isolation.



Exit screening

Passengers departing from affected countries have their temperature checked to prevent a contagious case from boarding a plane.



Information to travellers

At the point of entry, travellers coming from affected areas are informed about the disease and advised to seek medical care if they experience symptoms.

● Person at risk

● Person not at risk

● Infected, asymptomatic person (not infectious)

● Infectious sick person

○ Contact tracing

○ Isolation

--- Movement

Travelling from affected areas

An infected person not experiencing symptoms is not contagious and therefore does not pose a risk to other travellers.



Putting medical staff on alert

Frontline medical staff asks patients about recent travel. Patients with a compatible travel history and Ebola-like symptoms are immediately isolated.

From first symptoms to detection

The incubation period ranges from 2 to 21 days. As soon as symptoms appear, people become infectious and can spread the virus to others. People can only get infected if they come in contact with contaminated blood or bodily fluids. Healthcare workers and close contacts are therefore at higher risk of getting infected. Identifying infectious sick persons as soon as possible ensures that the chain of transmission is stopped.



Contact tracing

Identifying and following-up those who had contact with an ill person is essential to prevent the spread of the disease.

Medical evacuation

Patients are safely isolated during medical evacuation and do not pose a risk to others.

Healthcare facilities

Infected patients are isolated under vigorous infection control measures.



Eipidéimeolaí ECDC, Alice Friaux, ag múineadh ranga ar conas Ebola a chosc sa Ghuine



Céimithe ó chúrsa galarchoisc ag cruinniú lasmuigh den fhoirgneamh oiliúna

Ebola agus a impleachtaí sláinte maidir leis an Aontas Eorpach

Tuairiscíodh na chéad chásanna d'eipidéim Ebola na hAfraice Thiar an 22 Márta 2014 i dtuairisc tosaigh ar 49 gcás sa Ghuine. Faoi dheireadh na bliana bhí sé tuairiscithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go raibh 890 duine buailte leis an ngalar, agus go raibh os cionn 20 000 cás dóchúil, deimhnithe agus amhrasta sa réigiún¹.

D'ainneoin ráigeanna níos teoranta a briseadh amach roimhe sin, ba bheag sonraí eolaíocha maidir le Ebola a bhí ar fáil. Ba ghairid go raibh bonn fianaise tógtha ag ECDC ina raibh freagraí ar chuid de na ceistanna ba phráinní maidir le rialú ionfhabhtuithe, eiltí medevac chun na hEorpa, ceartúsáid an trealaimh chosanta agus scagthástáil ag teorainneacha. Bhí tábhacht as cuimse ag gabháil leis na topaicí seo, ní amháin don Afraic Thiar ach freisin don Eoraip, mar a raibh na chéad oibríthe cúram sláinte aslonnaithe a tholg ionfhabhtú Ebola ag teacht isteach ar eiltí medevac.

Bhí sé deacair cuntas a choimeád ar líon iarbhir na gcásanna Ebola san Afraic Thiar agus bhí dúshlán

éagsúla le sárú ag na tíortha i gceist agus sonraí á mbailiú acu. Roghnaigh ECDC modh oibre eile agus chaith a dhúthracht taobh thiar de chomhairle eolaíoch a raibh impleachtaí díreacha aici don tsláinte phoiblí san Eoraip. Le linn géarchéim Ebola, d'fhoilsigh ECDC sraith doiciméad inar breithníodh Ebola i gcomhthéacs Eorpach. Mar shampla, rinne an Lárionad suirbhé rialta ar ullmhacht na mBallstát chun cásanna Ebola a bhainistiú, forbraíodh sainmhíniú ar chás de ghalar víreas Ebola d'úsáid Bhallstáit AE, agus measúnaíodh an riosca go ndéanfaí Ebola a tharchur trí dheonuithe fola. Lena chois sin, d'fhoilsigh ECDC tuarascálacha ar scagthástáil isteach agus amach, eiltí medevac, bainistíocht sláinte poiblí ar dhaoine a raibh teagmháil acu le cásanna Ebola in AE agus bainistíocht sláinte poiblí ar oibríthe cúram sláinte a bhí ag filleadh ó áiteanna ina bhfuil Ebola i réim.

Lena chois sin, tá foirne de shaineolaithe sláinte poiblí seolta ag ECDC — i gcomhar le EDS agus an Líonra um Luathrabhaidh agus Freagartha Domhanda ar Ráigeanna (GOARN) — chuig an nGuine agus rinneadh gealltanais chun saineolaithe a sheoladh chuig na tíortha atá i gceist go dtí Meitheamh 2015.

¹ Sonraí agus staitisticí Ebola (Idirlíon) 2014 (luaite an 26 Feabhra 2015). <http://apps.who.int/gho/data/view ebola-sitrep ebola-summary-20141231?lang=en>



Tugann an Dr Zoltán Kis, cógaiseoir le speisialtacht i sláinte phoiblí idirnáisiúnta, tuairisc óna mhisean chuig Guéckédou, an Ghuine. Tá Zoltán cláraithe i raon Ballstát Euphem agus is ball oilte é, leis, de Shaotharlann Móibíleach an Aontais Eorpach (EMLab) a ceapadh le haslonnú go gasta i suíomhanna casta atá ag teacht chun cinn

EPIET agus Euphem: Treisiú a raibh géarghá leis a thabhairt don eipidéimeolaíocht allamuigh Eorpach

Bunaíodh EPIET, an Clár Eorpach um Oiliúint in Eipidéimeolaíocht Idirghabhála, deich mbliana sular bunaíodh ECDC, agus tá sé lánpháirtithe anois go hiomlán i raon gníomhaíochtaí ECDC. Maoiníonn ECDC EPIET agus a chlár compháirtíochta, Euphem, ina ndírítear ar oiliúint i micribhitheolaíocht sláinte poiblí. Mar sin féin, íoctar na tuarastail le deontas ón ECDC (le haghaidh comhaltaí ar raon AE) nó íocann na hinstiúidí oiliúna rannpháirtíochta (comhaltaí ar raon Ballstáit) na tuarastail.

I gcuraclam dhá bhliain EPIET/Euphem cuirtear béim shoiléir ar thascanna in instiúidí sláinte poiblí ar fud na hEorpa mar a bhfuil na comhaltaí tumtha go hiomlán in obair laethúil na sláinte poiblí.

Tugann rannpháirtíocht sa chúrsa tionscnaimh agus sna modúil oiliúna ina ndiaidh sin an t-ionduchtú bunúsach is gá chun inniúlachtaí a fháil trí chleachtadh.

Sa bhliain 2014, earcaíodh cohórt nua de 38 gcomhalta agus chríochnaigh 31 chomhalta na cláir. Amhail deireadh 2014, bhí 77 rannpháirtí cláraithe i gcláir EPIET/Euphem.

Bhí níos mó i gceist riamh le EPIET ná díreach clár oiliúna d'eipidéimeolaithe allamuigh ionchasacha. Cuireann rannpháirtithe sna cláir cúnamh ar an láthair ar fáil chun tacú le Ballstáit ina bhfreagairt ar ráigeanna agus glacann siad páirt i misin idirnáisiúnta fóirithinte. Sa bhliain 2014, bhí aon duine dhéag de chomhaltaí EPIET ar an láthair san Afraic Thiar, ag tacú leis an iarracht idirnáisiúnta fóirithinte maidir le Ebola.



Ag ullmhú do chruinniú le Pointí Fócais Náisiúnta Micribhitheolaíochta ECDC: Karl Ekdahl (Ceann Aonaid, Acmhainn agus Cumarsáid Sláinte Poiblí), Kathryn Edwards (Saineolaí Beartaís), Amanda Ozin-Hofsäss (Saineolaí Sínearach Micribhitheolaíochta) agus Marc Struelens (Príomh-Mhicribhitheolaí)

Tírdhreach na micribhitheolaíochta sláinte poiblí atá ag athrú


Le hanailís ar ghéanóimí iomlána, tá athrú ó bhun á dhéanamh ar chineálacha cur chuige i leith diagnóis agus tíopáil mhicribhitheolaíoch, agus táthar ag cabhrú chun comharthaí nua nimhneachta agus comharthaí maidir le frithsheasmhacht in aghaidh drugaí a nochtadh. Ag an am céanna, tá an margadh diagnóiseach pointe cúraim á shroicheadh ag mear-uirlisí scagthástála miocróbacha agus frithsheasmhachta in aghaidh drugaí. Sa dá réimse sin, tá an teicneolaíocht ag dul ar aghaidh níos tapa ná an próiseas forbartha beartas i bhformhór na mBallstát. Rinne Clár Micribhitheolaíochta Sláinte Poiblí ECDC measúnú criticiúil ar a chruinne agus a úsáidí don phobal a bhí na teicneolaíochtaí nua seo ar mhaithe leis an éagothroime seo a sháru. Ba é an chéad toradh ar an measúnú seo gur aontaigh ECDC agus a líonraí treoirchlár trína dtabharfar isteach na teicneolaíochtaí



Is féidir le seicheamhú géanóim iomláin anailís a dhéanamh ar ghéanóim ó bhactéir agus ó orgánaigh mhóra chasta agus ó gach rud idir eatarthu. Is féidir le meaisíní ardtréchuir seiceamhaíthe DNA cosúil leis na cinn ag BGI Hong Cong áit 50 meaisín den ghlúin rompu mar aon le seomraí lán de threalamh le haghaidh aimplíú E. coli clónáil agus uathphiocadh coilíneachta) a ghabháil.

How safe is your food?

Common food-borne diseases in the European Union in 2013





Ní féidir déanamh dá uireasa fós: diagnóisic thraidisiúnta saotharlainne ag Smittskyddsinstitutet na Sualainne (Institiúid na Sualainne um Rialú Galar Teagmhálach)

tíópála móilíneacha cost-éifeachtúla de réir a chéile agus trína gcomhroinnfear sonraí móilíneacha, mar chuid d'fhaireachas galair ar leibhéal AE.

Bhí toradh dearfach ar an meastóireacht a rinneadh i 2014 ar chéim phíolótach d'fhaireachas móilíneach ar an AE, a chlúdaigh trí cinn de phataiginí bia-iompartha (*Salmonella*, *Listeria* agus VTEC). Rinneadh gnáthchuid d'fhaireachas ar leibhéal an AE maidir leis na pataiginí sin de chomhroinnt sonraí móilíneacha agus cuireadh tús le hullmhúchán chun faireachas móilíneach a leathnú chuig pataiginí eile, mar shampla *Neisseria meningitides*, *Neisseria gonorrhoeae* frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí, MRSA agus carbaipeimeimfhriotáoch *Enterobacteriaceae*.

Chomhlíon an mhicribhitheolaíocht ról tábhachtach sa fhreagairt a rinneadh ar fud AE ar eipidéim Ebola san Afraic Thiar. Ba é ceann de phríomhchuspóirí na freagartha ar leibhéal AE rochtain a bheith ag údaráis sláinte i ngach

ceann de na Ballstáit ar shaotharlanna a bhí inniúil ar thástálacha le haghaidh Ebola a dhéanamh go cruinn agus go sábháilte. D'oibrigh micribhitheolaithe an ECDC le líonra Quandhip a fhaigheann maoiniú ón gCoimisiún Eorpach chun an cuspóir seo a bhaint amach agus chun dea-chleachtas i modhanna tástála a chomhroinnt.

Mar a rinneadh i mblianta roimhe seo, d'eagraigh líonraí saotharlann atá nasctha le ECDC agus le Cláir Ghalair an Lárionaid scéimeanna seachtracha um measúnú cáilíochta chun measúnú a dhéanamh ar acmhainn saotharlann chun tástálacha a dhéanamh le haghaidh príomhphataiginí agus le haghaidh tréithe frithsheasmhachta in aghaidh drugaí. Rangaítear measúnú seachtrach cáilíochta go comhsheasmhach i measc na ngníomhaíochtaí is dóigh le comhpháirtithe an Lárionaid is mó a chuireann luach leis ar leibhéal AE.


Antimicrobial resistance in Europe



Each year, 30 EU/EEA countries report data on antimicrobial resistance to the European Antimicrobial Resistance Surveillance Network (EARS-Net), hosted at ECDC.

- Aminopenicillins
- Aminoglycosides
- Carbapenems
- Ceftazidime
- Fluoroquinolones
- Meticillin
- Third-generation cephalosporins
- Vancomycin
- Combined resistance to fluoroquinolones, third-generation cephalosporins and aminoglycosides

- Five-year increase in resistance (2009 to 2013)
- Five-year decrease in resistance (2009 to 2013)




Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach

Tar éis ocht mbliana, tá an 18 Samhain daingnithe anois i gcuimhne an phobail mar Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach: tionscnamh Eorpach sláinte arna chomhordú ag ECDC chun feasacht a mhúscailt mar gheall ar conas úsáid chiallmhar a bhaint as antaibheathaigh. Tacaíonn ECDC le tíortha ar fud na hEorpa chun feasacht a mhúscailt maidir leis an lá seo agus timpeall an ama sin trí uirlisí úsáide a chur ar fáil ina mbíonn príomhtheachtaireachtaí agus teimpléid d'ábhair chumarsáide lena n-oiriúnú agus lena n-úsáid i bhfeachtais náisiúnta, in imeachtaí ar leibhéal AE, mar aon le hábhair straitéise agus ábhair meán.

Bhí os cionn 40 tír rannpháirteach i Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach 2014. Nascadh an Astráil, Ceanada, an Eoraip, an Nua-Shéalainn agus na Stáit Aontaithe i gcomhrá domhanda Twitter, ag éirí as comhrá Eorpach Twitter an 18 Samhain. Tá méadú ag teacht ar fhianaise eolaíoch i dtaobh frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach, agus rinneadh cuid de na forbairtí ba dhrámata a dhoiciméadú i nuashonrú 2014 an ECDC ar shonraí AE maidir le frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach agus tomhailt ábhar frithmhiocróbach.




Póstaer feachtais, Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach 2014.



Nascadh an Astráil, Ceanada, an Eoraip, an Nua-Shéalainn agus na Stáit Aontaithe leis an haischlib coiteann #Antibiotic Day i gcomhrá domhanda Twitter, ag éirí as comhrá Eorpach Twitter an 18 Samhain.

Measles is more contagious than you think

Measles is an acute, highly contagious viral disease capable of producing epidemics. It is very infectious and spreads easily among unvaccinated people. A person with measles infects an average of 12 to 18 previously uninfected people. Vaccination is the best way to protect yourself and others against measles.



Source: Plotkin S, Orenstein W, Offit P. Vaccines.

An Bhruitíneach: An brú chun deireadh a chur leis


Tugann dhá dháileog den vacsaín MMR cosaint iomlán, nach mór, in aghaidh na bruitíní. Agus má bhíonn 95 % den daonra imdhíonta go hiomlán, cuireann sin cosc le scaipeadh an víris.

Tá an leibhéal imdhíonta sin le baint amach fós ag formhór thíortha AE, mar sin bíonn ráigeanna fánacha bruitíní ann i gcónaí in AE.

Tacaíonn ECDC i gcónaí le hiarrachtaí na mBallstát deireadh a chur leis an mbruitíneach san Eoraip. In Aibreán 2014 d'fhoilsigh ECDC tuarascáil speisialta ar chur i ngníomh Phlean Gníomhaíochta ECDC maidir leis an mbruitíneach agus Rubella inar achoimríodh na torthaí ó thionscnaimh éagsúla de chuid ECDC sa bhliain 2012 agus sa bhliain 2013 agus inar cuireadh anailís nua i láthair ar an bhfáth nár éirigh le AE deireadh a chur leis an mbruitíneach go fóill. Ba é conclúid na tuarascála go bhfuil gach uirlis is gá ag Ballstáit AE chun deireadh a chur leis an mbruitíneach agus le rubella, ach gur gá dóibh beart comhaontaithe leanúnach a dhéanamh.

Sa bhliain 2014, rinneadh treisiú mór ar fhaireachas ECDC ar ghalair atá inchoiscthe trí vacsaíniú nuair a rinneadh trí cinn de líonraí faireachais (EUVac.Net; an Líonra Faireachais Eorpach maidir le Galair Bhaictéaracha agus an Líonra Eorpach Faireachais ar Dhiftéire) a chomhdhlúthú in aon líonra faireachais amháin galair.

Ar líne, bhí Geata Vacsaínithe AE agus an uirlis um Sceidealú Vacsaíne i measc na ngnéithe is coitianta ar tugadh cuairt orthu ar thairseach gréasáin ECDC, mar a bhí riamh.



An chosaint is fearr in aghaidh an bhruitínigh ná vacsaíniú a fháil. Cabhraíonn an sceideal Eorpach vacsaínithe chun an pointe ceart ama a aimsiú.



Firicí i gcomparáid le cumadóireacht, iriseoireacht na dtáblóideach i gcomparáid le fianaise eolaíoch: Gabriel Wikström, aire sláinte poiblí na Sualainne, a thug cuairt ar ECDC fad a bhí géarchéim Ebola ag a buaic. Idir an dá linn, agus laistiar de na scéalta, chuir foireann preasa agus meán ECDC nuacht agus acmhainní ar fáil d'iriseoirí agus do ghairmithe meán, le radharc cuimsitheach a thabhairt ar fhreagairt AE ar ráig Ebola na hAfraice Thiar.

Is mór is fiú an chumarsáid

Sa bhliain 2014, d'eisigh ECDC 209 foilseachán eolaíoch san iomlán. Téann gach foilseachán faoi phróiseas struchtúrach eagarthóireachta trína gcinntítear go mbíonn an fhaisnéis a fhoilsíonn ECDC iontaofa go hacadúil agus sothuigthe do na príomhúsáideoirí.

Leis na blianta, tá láithreachtaí láidir ar líne bunaithe ag an ECDC agus tá sé gníomhach, leis, ar Twitter, ar Facebook agus ar YouTube. Sa bhliain 2014, cuireadh rannóg nua ar shonraí agus ar uirlisí le tairseach gréasáin ECDC, ina bhfuil Atlas Faireachais maidir le Galair Thógálacha [Surveillance Atlas of Infectious Diseases]. Tá an tAtlas ar fáil beo ó lár 2014, agus tairgeann sé rochtain idirghníomhach ar shonraí faireachais AE bunaithe ar chásanna de ghalar *Haemophilus influenzae* ionrach, de ghalar ionraitheach meiningeacócúil agus den eitinn.

I gcaitheamh na bliana, ach go háirithe mar fhreagairt ar an chéad tarchur áitiúil d'Ebola san Eoraip i nDeireadh Fómhair 2014, chuir ECDC seirbhís ar ardchaighdeán ar


fáil d'iriseoirí. Lena chois sin, d'oibrigh an Lárionad i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis an gCoiste Slándála Sláinte, lena n-áirítear líonra lucht cumarsáide ECDC, chun tacú le freagairt chumarsáide ar fud AE.

In 2012, fuair an t-irisleabhar eolaíoch *Eurosurveillance* a chéad fhachtóir tionchair. Bá é 4.65 an fachtóir tionchair i 2014, rud a bhain áit do *Eurosurveillance* sna 10 n-irisleabhar galar tógálach is mó tóir. I rangú irisleabhar SCImago, liostaíodh é sa chéad cheathrú d'irisleabhair i gceithre cinn de chatagóirí (míochaine ginearálta, víreolaíocht, sláinte phoiblí, sláinte chomhshaoil agus cheirde). Bhí méadracht Google Scholar chomh fabhrach céanna: bhain an t-irisleabhar an cheathrú háit agus an deichiú háit amach i measc irisleabhar san eipidéimeolaíocht agus i ngalair theagmhálacha.

Móreilimint eile de chur chuige ECDC i leith na cumarsáide is ea tacaíocht d'ullmhacht tíortha. Is tagairt é an téarma seo do chomhordú gníomhaíochtaí

Figiúr 3

Suíomh na gclínici ionfhabhtú gnéas-tarchurtha^a agus (i) ráta na ndiagnóisí gónaireatha^b de réir íoscheantair móraschuir sa bhliain 2013, agus (ii) innéacs na díothachta ilchineálaí sa bhliain 2010^c de réir íoscheantair móraschuir agus údaráis áitiúil sraithe íochtaráí, Londain




Figiúr ó alt Eurosurveillance ar fhaireachas ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha.

Savage EJ, Mohammed H, Leong G, Duffell S, Hughes G., Improving surveillance of sexually transmitted infections using mandatory electronic clinical reporting: the genitourinary medicine clinic activity dataset, England, 2009 to 2013. *Euro Surveill.* 2014;19(48).


ar mhaithe le planáil éifeachtach agus meastóireacht ar bhearta sláinte phoiblí sna Ballstáit. Ar thacaíocht d'ullmhacht tíortha áirítear gníomhaíocht choisctheach (.i. cur chun cinn an vacsaínithe) agus ullmhacht éigeandála do mhór-ráigeanna. Baintear é sin amach trí uirlisí measúnachta, comhairle eolaíoch agus malartú eispéireas agus dea-chleachtais a thairiscint. Is sampla maith de ghníomhaíochtaí an ECDC sa réimse seo oiriúnú cultúrtha threoir ECDC, *Let's talk about protection* (Pléimis an chosaint) trína dtacaítear le dochtúirí teaghlaigh ina gcuid comhráite le tuismitheoirí maidir le vacsaíniú.

ECDC in aon amharc amháin

Ag deireadh 2014, bhí 277 ball fóirne lánaimseartha ag obair ECDC. 182 ghníomhaire sealadach, 92 ghníomhaire ar conradh agus triúr saineolaí náisiúnta ar iasacht. Tá ionadaíocht ag gach ceann de Bhallstáit AE, cé is moite de Lucsamburg agus den Chróit, ar fhoireann an Lárionaid.




Tá ionadaithe ag gach ceann de Bhallstáit AE, cé is moite de Lucsamburg agus den Chróit, ar fhoireann an Lárionaid.



Céatadán agus cothromaíocht gheografach fhoireann reachtúil ECDC (Gníomhairí ar Conradh agus Gníomhairí Sealadacha), de réir Ballstáit, an 31 Nollaig 2014

Buiséad ECDC

Iomlán
€60 484 000



Nóta: Ní áirítear anseo ach mórchatagóirí an bhuiséid

An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)

Seoladh poist:

ECDC, SE-171 83 Stockholm, SWEDEN

Seoladh as baile:

Tomtebodavägen 11a, Solna, SWEDEN

Teil. +46 858601000

Facs +46 858601001

<http://www.ecdc.europa.eu>

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh

<http://www.europa.eu>



■ Publications Office